C/2025/5112

22.9.2025

MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 9 Iúil 2025

lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin

(BERS/2025/5)

(C/2025/5112)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ([2]), agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([3]), agus go háirithe Airteagail 458 de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([4]), agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhalartacht dheonach.

(2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhalartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([5]) a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhalartú sna Ballstáit eile.

(3) An 30 Aibreán 2025, thug Údarás Maoirseachta Airgeadais na Sualainne (Finansinspektionen), ag gníomhú dó mar údarás ainmnithe chun críche Airteagal 458 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fógra don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go raibh sé ar intinn aige síneadh a chur le tréimhse feidhme dhá bheart náisiúnta níos doichte atá ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 458(2), pointe (d)(iv), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(4) Go háirithe, chuir Finansinspektionen in iúl do BERS go raibh sé ar intinn aige: (a) síneadh a chur, ón 31 Nollaig 2025 ar feadh tréimhse dhá bhliain nó go dtí nach ann a thuilleadh do na rioscaí macrastuamachta nó sistéamacha, le híosráta an mheánualaigh riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta is infheidhme faoi láthair, is é sin 25 %, is infheidhme maidir le neamhchosaintí ar mhorgáistí miondíola de chuid na Sualainne; agus (b) síneadh a chur, ón 30 Meán Fómhair 2025 ar feadh tréimhse dhá bhliain nó go dtí nach ann a thuilleadh do na rioscaí macrastuamachta nó sistéamacha, (i) le híosráta an mheánualaigh riosca is infheidhme faoi láthair, is é sin 35 %, is infheidhme ar leibhéal na punainne maidir le neamhchosaintí corparáideacha arna n-urrú le haonaid réadmhaoine tráchtála, agus (ii) le híosráta an mheánualaigh riosca is infheidhme faoi láthair, is é sin 25 %, is infheidhme ar leibhéal na punainne maidir le neamhchosaintí corparáideacha arna n-urrú le haonaid réadmhaoine chónaithe. Tá feidhm ag na bearta náisiúnta níos doichte atá ann cheana ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite araon maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa uile atá údaraithe sa tSualainn agus a úsáideann an cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha (IRB) chun na ceanglais chaipitil rialála a ríomh.

([1]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([2]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj.
([3]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj.
([4]) IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.
([5]) Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

(5) Chinn Bord Ginearálta BERS roimhe seo na bearta sin a áireamh sa liosta de na bearta beartais macrastuamachta a mholtar a chómhalartú faoi Mholadh BERS/2015/2 ([6]).

(6) Áirítear sna fógraí a fuarthas ó Finansinspektionen an 30 Aibreán 2025 iarraidh ar BERS a mholadh go ndéanfaí na bearta beartais macrastuamachta a chómhalartú, de bhun Airteagal 458(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite.

(7) Trí chómhalartú na mbeart macrastuamachta arna ngníomhachtú ag údaráis Ballstát eile, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, bíodh na neamhchosaintí lena mbaineann á sealbhú trí bhíthin fochuideachtaí nó brainsí nó iad a bheith mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann, cuirtear teorainn le sceití agus le harbatráiste rialála, téitear i ngleic le rioscaí sistéamacha agus, ar an gcaoi sin, cuirtear éifeachtacht fhoriomlán an bheartais macrastuamachta chun cinn trína áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí méadaithe ní hamháin sa Bhallstát a thug isteach an beart macrastuamachta ach freisin i mBallstáit eile ina bhfuil grúpaí baincéireachta neamhchosanta ar na rioscaí méadaithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an aitheantas freisin a áirithiú go mbeidh grúpaí baincéireachta atá neamhchosanta ar na rioscaí sistéamacha sin athléimneach go leor. Dá bhrí sin, maidir le bearta macrastuamachta a eascraíonn as cinneadh aitheantas a thabhairt do bhearta macrastuamachta Ballstát eile, ba cheart iad a chur i bhfeidhm go ginearálta ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.

(8) Tar éis do BERS iarraidh a fháil ó Finansinspektionen agus: (a) chun nach dtiocfaidh ann d'éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceití agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh tarlú de thoradh chur chun feidhme na mbeart beartais macrastuamachta arna gcur i bhfeidhm sa tSualainn i gcomhréir le hAirteagal 458(2), pointe (d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus (b) chun cothroime iomaíochta a chaomhnú i measc na n-institiúidí creidmheasa atá bunaithe san Aontas, chinn Bord Ginearálta BERS leanúint de na bearta sin a áireamh sa liosta de na bearta beartais macrastuamachta a mholtar a chómhalartú faoi Mholadh BERS/2015/2 agus a mholadh go ndéanfaí na bearta a chómhalartú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite, agus aonair.

(9) I Moladh BERS/2015/2, arna leasú le Moladh BERS/2017/4 ó BERS ([7]), moltar gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhachtaíonn beart beartais macrastuamachta, nuair a bhíonn iarraidh ar chómhalartú á cur faoi bhráid BERS aige, uastairseach ábharthachta a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas gur neamhchosaint neamhábhartha í neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtúcháin an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.

(10) I gcomhréir leis na fógraí a fuarthas, ba cheart an tairseach ábharthachta ar leibhéal na hinstitiúide le haghaidh chómhalartú an íosráta meánualaigh riosca reatha 25 % ar neamhchosaintí morgáiste miondíola na Sualainne a choinneáil ag SEK 5 bhilliún. I gcás an íosráta meánualaigh riosca reatha 35 % a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na punainne maidir le neamhchosaintí corparáideacha arna n-urrú le réadmhaoin tráchtála agus i gcás an íosráta ualaigh riosca reatha 25 % a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na punainne maidir le neamhchosaintí corparáideacha arna n-urrú le réadmhaoin chónaithe, ba cheart an tairseach ábharthachta reatha ar leibhéal na hinstitiúide, is é sin SEK 5 bhilliún, a choinneáil freisin. Ba cheart an dá thairseach a mheasúnú ar an leibhéal comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.

(11) Ní dhéantar, leis an leasú seo ar Mholadh BERS/2015/2, difear do leanúnachas an mholta go gcómhalartófaí na bearta macrastuamachta náisiúnta arna ngníomhachtú ag údaráis na Sualainne, mar a leagtar amach i Moladh BERS/2023/4 ([8]). Is léiriú iad na leasuithe reatha ar Mholadh BERS/2015/2 ar an bhfíoras go moltar anois cómhalartacht ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite. Dá bhrí sin, níl an idirthréimhse chaighdeánach trí mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* infheidhme ach amháin maidir le bearta, nó leasuithe orthu, a ghlacfaidh na húdaráis náisiúnta chun an dá íosráta ualaigh riosca a chómhalartú ar bhonn aonair, comhdhlúite agus fo-chomhdhlúite.

([6]) Féach Moladh BERS/2023/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 6 Iúil 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 307, 31.8.2023, lch. 1); féach freisin Moladh BERS/2019/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Eanáir 2019 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 106, 20.3.2019, lch. 1).

([7]) Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

([8]) Moladh BERS/2023/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 6 Iúil 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 307, 31.8.2023, lch. 1).

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

LEASÚ

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh BERS/2015/2 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 9 Iúil 2025

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh BERS/2015/2 mar a leanas:

(1) faoin tSualainn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'I Cur síos ar na bearta:

'I. Cur síos ar na bearta

1. Is éard atá i mbeart na Sualainne, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a fhorchuirtear ar institiúidí creidmheasa atá údaraithe sa tSualainn agus a úsáideann an cur chuige IRB, ná íosráta 25 % atá sainiúil don institiúid creidmheasa le haghaidh mheánualach, ualaithe ó thaobh na neamhchosanta, na n-ualaí riosca a chuirtear i bhfeidhm ar an bpunann neamhchosaintí miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn atá urraithe le maoin dhochorraithe. Is éard atá sa mheánualach, ualaithe ó thaobh na neamhchosanta, ná meán ualaí riosca na neamhchosaintí aonair a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 154 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus luach na neamhchosaintí ábhartha mar ualach orthu. Tá feidhm ag an mbeart ar bhonn comhdhlúite, agus aonair.

2. Maidir le beart na Sualainne a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(iv) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a fhorchuirtear ar institiúidí creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre agus a úsáideann an cur chuige IRB, is éard atá ann íosleibhéal (íosráta) ualaigh riosca atá sainiúil don institiúid creidmheasa agus atá ualaithe ó thaobh na neamhchosanta, is é sin 35 %, le haghaidh neamhchosaintí corparáideacha áirithe sa tSualainn arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin tráchtála dhochorraithe agus íosleibhéal (íosráta) ualaigh riosca atá sainiúil don institiúid creidmheasa agus atá ualaithe ó thaobh na neamhchosanta, is é sin 25 %, le haghaidh neamhchosaintí corparáideacha áirithe sa tSualainn arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin chónaithe dhochorraithe. Is éard atá sa mheánualach, ualaithe ó thaobh na neamhchosanta, ná meán ualaí riosca na neamhchosaintí aonair a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 153 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus luach na neamhchosaintí ábhartha mar ualach orthu. Ní chumhdaítear leis an mbeart seo neamhchosaintí corparáideacha arna n-urrú leis an méid seo a leanas: (i) aonaid mhaoine talmhaíochta; (ii) aonaid mhaoine atá faoi úinéireacht dhíreach bardas, stát nó réigiún; (iii) aonaid mhaoine ina n-úsáidtear níos mó ná 50 % den mhaoin le haghaidh gnó dílis; agus (iv) aonaid mhaoine ilteaghaisí i gcás nach cuspóir tráchtála atá leis an maoin (mar shampla comhlachais tithíochta atá faoi úinéireacht na gcónaitheoirí agus atá neamhbhrabúsach) nó i gcás inar lú ná ceithre theaghais líon na dteaghaisí. Tá feidhm ag an mbeart ar bhonn comhdhlúite agus aonair.';

(2) faoin tSualainn, sa roinn dar teideal 'II. Cómhalartú', cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (3):

3. 'I gcomhréir le hAirteagal 458(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, moltar d'údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann bearta na Sualainne a chómhalartú trína gcur i bhfeidhm ar institiúidí creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre agus a úsáideann an cur chuige IRB agus a bhfuil neamhchosaintí ábhartha acu ar an tSualainn, lena n-áirítear neamhchosaintí ar mhiondíol arna n-urrú le maoin chónaithe agus neamhchosaintí corparáideacha arna n-urrú le maoin tráchtála nó chónaithe. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcómhalartú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, bíodh na neamhchosaintí á sealbhú trí bhíthin fochuideachtaí, brainsí, nó iad a bheith mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann. I gcomhréir le fomholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha an beart céanna a chuir an t-údarás gníomhachtúcháin i bhfeidhm sa tSualainn a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.';

(3) faoin tSualainn, sa roinn dar teideal 'III. Tairseach ábharthachta', cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6, 7 agus 8:

'6. I gcomhréir le Roinn 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, féadfaidh údaráis ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann díolúine a thabhairt d'institiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn intíre agus a úsáideann an cur chuige IRB agus a bhfuil neamhchosaintí acu atá faoi bhun na tairsí ábharthachta SEK 5 bhilliún maidir leis an mbeart a bhfuil cur síos orthu i míreanna 1 agus 2, faoi seach. Agus an tairseach ábharthachta á cur i bhfeidhm acu, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta ábhartha na Sualainne a chur i bhfeidhm ar institiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn intíre agus a díolmhaíodh roimhe seo i gcás ina sáraítear an tairseach ábharthachta SEK 5 bhilliún maidir leis an mbeart sin. Ba cheart ábharthacht na neamhchosaintí a mheasúnú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, agus nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar an ábharthacht sin ar bhonn fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite, ba cheart na neamhchosaintí uile arna sealbhú trí bhíthin fochuideachtaí nó brainsí, nó atá mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann, a áireamh i ríomh na neamhchosaintí arna measúnú in aghaidh na tairsí ábharthachta.

7. I gcás nach bhfuil neamhchosaintí ar mhiondíol, mar a thuairiscítear i mír 1, dar luach níos mó ná SEK 5 bhilliún ag aon institiúid creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre agus a úsáideann an cur chuige IRB, trí bhíthin fochuideachtaí nó brainsí atá lonnaithe sa tSualainn agus/nó trí bhíthin iasachtú díreach trasteorann, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Roinn 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, cinneadh a dhéanamh gan an beart a chómhalartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh an beart a bhfuil cur síos air i mír 1 a chómhalartú i gcás ina sáraíonn institiúid creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre agus a úsáideann an cur chuige IRB an tairseach SEK 5 bhilliún.

8. I gcás nach bhfuil neamhchosaintí corparáideacha, mar a thuairiscítear i mír 1, dar luach níos mó ná SEK 5 bhilliún ag aon institiúid creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre agus a úsáideann an cur chuige IRB, trí bhíthin fochuideachtaí nó brainsí atá lonnaithe sa tSualainn agus/nó trí bhíthin iasachtú díreach trasteorann, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Roinn 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, cinneadh a dhéanamh gan an beart a chómhalartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh an beart a bhfuil cur síos air i mír 2 a chómhalartú i gcás ina sáraíonn institiúid creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre agus a úsáideann an cur chuige IRB an tairseach SEK 5 bhilliún.'